# <u>Polasaí Frith-Bhulaíochta</u>

# Gaelscoil na gCeithre Maol

Dé réir treoireacha an Acht Oideachais (Leas) 2000 agus treoirlínte Chóid Smachta foilsithe ag an B.N.O.L. tá an Polasaí Frith-Bhulaíochta seo eagraithe ag Bord Bainistíochta Ghaelscoil na gCeithre Maol, laistigh de Chód Riailbhéasa agus Smachta na Scoile. Cloínn an polasaí seo go hiomlán le riachtanais leagtha amach in 'Anti-Bullying Procedures for Primary and Post Primary Schools" i Meán Fómhair, 2013. Clúdaíonn an Polasaí seo eachtraí a tharlaíonn taobh istigh d"am scoile, nó iad sin a tharlaíonn taobh amuigh ag imeachtaí eagraithe ag an scoil.

Tuigeann an Bord Bainistíochta an baol atá i mbulaíocht agus an tionchar diúltach a d"fhéadfadh a bheith i saol na ndaltaí agus dá bhrí sin, tá an Bord ag cloí le prionsabail deachleachtais chun dul i ngleic le seo agus chun iompar bhulaíochta a sheachaint.

**Cultúr agus atmaisfeár scoile dearfach a chrúthú:**

- a chothaíonn meas idir mhuintir uile na scoile,
- fháiltíonn roimh dífríochtaí agus atá bunaithe ar uilghabhháileacht;
- a mholann dalta chun cásanna bulaíochta a lua agus a phlé in atmásfeár sábháilte
- Cur chuige uile.
- Tuiscint ar cad is bulaíocht ann agus a tionchar
- Cur i bhfeidhm stráiteisí oideachasúla agus seachanúla.
- a théann i ngleic le bulaíocht ar line
- Féitheoireacht agus Monatóireacht éifeachtach ar daltaí
- Taifead, fiosrú agus leanúint ar chásanna bulaíochta – stráitéisí éifeachtacha san áireamh.
- Meastóireacht leanúnach ar éifeacht an polasaí frith-bhulaíochta

I gcomhréir le Gnásanna Frithbhulaíochta Bunscoile agus Iar-bhunscoile seo é an sainmhíniú ar bhulaíocht: 'An rud a thuigtear le bulaíocht ná iompar diúltach neamhiarrtha, bíodh sé i bhfoirm iompar briathartha, síceolaíoch nó fisiciúil, a dhéanann duine aonair nó grúpa in aghaidh duine nó daoine eile, agus a dhéantar arís agus arís eile.'

Áirítear na cineálacha iompair bhulaíochta seo a leanas ar an sainmhíniú ar bhulaíocht:

- duine a fhágáil as an áireamh d'aon ghnó, gabháil do chúlchaint mhailíseach agus do chineálacha eile caidrimh bhulaíochta idir dhaoine
- cibearbhulaíocht &
- bulaíocht bunaithe ar aitheantas, ar nós bulaíocht homafóbach, bulaíocht chiníoch, bulaíocht bunaithe ar bhallraíocht den Lucht Siúil agus bulaíocht ar dhuine faoi mhíchumas nó ar dhuine a bhfuil riachtanais speisialta oideachais aici/aige.

Ní chuimsíonn an sainmhíniú seo ar bhulaíocht teagmhais aonraithe nó teagmhais aon uaire d'iompar diúltach d'aon turas, lena n-áirítear téacsteachtaireacht mhaslach nó goilliúnach aon uaire nó teachtaireachtaí príobháideacha eile agus ba cheart déileáil leo, mar is cuí, de réir chód iompair na scoile. Ach, i bhfianaise an bheartais seo, féachfar ar theachtaireacht, íomhá nó ráiteas poiblí goilliúnach aon uaire ar shuíomh gréasáin líonra poiblí nó ar fhóram poiblí eile ar féidir an teachtaireacht, an íomhá nó an ráiteas sin a fheiceáil air agus/nó a bheith athráite ag daoine eile mar iompar bulaíochta.
Iompar diúltach nach n-áirítear sa sainmhíniú seo ar bhulaíocht, déileálfar leis de réir chód iompair na scoile.

**<u>Comharthaí na Bulaíochta</u>**

**a.** Imní ar an íospartach faoi fhreastal ar scoil
b. Meath ar fheidhmíocht oideachasúil
c. Patrún den tinneas fisiceach
d. Athruithe ar mheon nó ar iompraíocht nach bhfuil míniú eile leo
e. Comharthaí sofheicthe den imní nó den chiapadh
f. Rudaí de chuid an íospartaigh ar iarraidh nó caillte
g. Bíonn an t-íospartach ag iarraidh níos mó airgid ná mar is gnách
h. Baill ghorma ar chraiceann an íospartaigh gan mhíniú
i. Leisce ar an íospartach a rá céard atá ag cur isteach air/uirthi

Is comharthaí iad seo ar fhadhbanna éagsúla eile seachas an bhulaíocht.

**<u>Nós Imeachta</u>**

a. Má tá tuiste buartha go bhfuil bulaíocht ar súil, ba choir é a rá chuig an múinteoir ranga
b. Tuairiscí bulaíocht ó thuiste nó páiste a choiméad sa scoil. Ní mór ag an múinteoir ach fiosrú a dhéanamh. Má cheapann an múinteoir go bhfuil bulaíocht ar tarlúint, ba cheart labhairt leis an príomhoide nó leas príomhoide láithreach.
c. Cuirfear ar an eolas tuistí na páistí páirteach agus biodh deis ag chuile dhuine é a phle
d. Coiméadtar tuairisc faoi conas déileáil le chuile rud. Nuair a bhogann an pháiste go rang nua – cuirfear an múinteoir nua ar an eolas.

Próiseas fiosrú ar bhulaíocht:

a. Téigh í ngleic leis go deas socair & gan mothúcháin a thaispeáint agus tú ag iniúchadh & ag deíleáil leis an fhadhb
b. Ba cheart don mhúinteoir labhairt leis an pháiste ina aonar
c. Ba cheart don mhúinteoir labhairt leo lasmuigh den seomra ranga
d. Labhairt lena 'baill' ina aonar & mar grúpa
e. Ba cheart labhairt do na tuistí faoi
f. Déan seic tar éis tamall le cinntiú go bhfuil gach rud fós socraithe agus nach bhfuil aon deacrachtaí eile ann.

**<u>Straitéis Frith-Bhulaíochta</u>**

- Discréid nuair ag deighleáil le na daltaí i gceist.
- Nóta a dhéanamh de iompair/bulaíocht an dalta.

Seo a leanas clár tacaíochta na scoile do dhaltaí a ndearnadh bulaíocht orthu:

· An Clár Frithbhulaíochta Lámhleabhair le Sean Fallon & www.antibullyingcampaign.ie
·An Clár Bí Sábháilte
· An Clár OCG
· Weaving Wellbeing
· Mindfulness Hour
· Friends for Life or Friends First
· Incredible Years
· Zippy's Friends
· Friends For Life
- Clár Stop, Smaoinigh, Déan

**<u>Cyber bhulaíocht</u>**

· Webwise

· Cainteoir ón taobh amuigh gach dara bhliain do Rang 2, 3,4,5,6 ar bheith sábháilte ar líne - Barnardos

**Maoirseacht agus Monatóireacht Éifeachtach ar Dhaltaí**

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go bhfuil beartais agus cleachtais chuí mhaoirseachta agus monatóireachta i bhfeidhm chun iompar bulaíochta a chosc agus chun déileáil leis agus chun idirghabháil luath a éascú más féidir.

**An Ciapadh a Chosc**

Deimhníonn an Bord Bainistíochta go ndéanfaidh an scoil, de réir a oibleagáidí faoin reachtaíocht chomhionannais, gach beart is indéanta go praiticiúil chun daltaí agus baill foirne a chosaint ar chiapadh gnéasach agus ar chiapadh ar aon cheann de na naoi bhforas, mar atá inscne lena n-áirítear trasinscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, treoshuíomh gnéasach, reiligiún, aois, míchumas, cine nó ballraíocht den Lucht Siúil.

**Daingniú an Pholasaí**

Tá an beartas seo ar fáil do phearsanra na scoile, foilsíodh é ar shuíomh Gréasáin na scoile (tá sé ar fáil do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Choiste na dTuismitheoirí.
Athbhreithneoidh an Bord Bainistíochta an beartas agus a fheidhmiú uair amháin i ngach scoilbhliain. Cuirfear fógra scríofa gur athbhreithníodh beartas frithbhulaíochta na scoile ar fáil do phearsanra na scoile, foilseofar é ar shuíomh Gréasáin na scoile (nó mura bhfuil suíomh ag an scoil, cuirfear é ar fáil ar shlí eile do thuismitheoirí agus do dhaltaí ar iarratas) agus do Choiste na dTuismitheoirí. Cuirfear taifead den athbhreithniú agus a thoradh a chur ar fáil don phátrún agus don Roinn, leis, má iarrtar é.

Ghlac an Bord Bainistíochta an beartas seo an ___________________.

Sínithe: ________________________________ Síniú: ____________________________
(Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta) (Príomhoide)

Dáta an chéad athbhreithnithe eile: